



PREASEISIÚINT Uimh. 45/25

Lucsamburg, 8 Aibreán 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-292/23 | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (Athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha nós imeachta)

Ní mór gníomhartha nós imeachta OIPE a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do staid dhlíthiúil na ndaoine a dhéanann agóid ina gcoinne a bheith in ann a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach

Dá réir sin, níl sé éigeantach go mbeadh an t-athbhreithniú sin i bhfoirm caingean dhíreach, ar choinníoll go n-áirítear ann fíorú go gcomhlíontar cearta agus saoirsí an duine lena mbaineann

Ní mór gníomhartha nós imeachta OIPE a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do staid dhlíthiúil na ndaoine a dhéanann agóid ina gcoinne a bheith in ann a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh an amhlaidh atá, trí mheasúnú nithiúil sonrach.

Mar sin féin, ní gá an t-athbhreithniú a dhéanamh i bhfoirm gníomhaíochta díri mura bhforáiltear don chineál sin gníomhaíochta sa dlí náisiúnta chun agóid dhíreach a dhéanamh i gcoinne cinneadh den chineál céanna ó na húdaráis náisiúnta.

Is comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais Eorpaigh é OIPE atá freagrach as déantóirí cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Tá sé eagraithe ar dhá leibhéal: ar an gcéad dul síos, leibhéal lárnach, ina bhfuil an Lároifig ag suíomh OIPE, i Lucsamburg, agus, ar an dara dul síos, leibhéal díláraithe ina bhfuil Ionchúisitheoirí Tarmlichthe Eorpacha atá le bheith lonnaithe sna Ballstáit.

Tá imscrúdú coiriúil á dhéanamh ag OIPE, sa Spáinn, ar chalaois fóirdheontais an Aontais. Thionóil na hIonchúisitheoirí Tarmlichthe Eorpacha, a bhí ag láimhseáil an cháis, beirt fhinnéithe.

Rinne na daoine is ábhar don imscrúdú agóid i gcoinne thoghairm duine de na finnéithe chun teacht i láthair mar fhinné. Thug an chúirt atá freagrach, sa Spáinn, as athbhreithniú breithiúnach ar bhearta imscrúdaithe OIPE, os comhair na Cúirte Breithiúnais. Tugtar le fios nach gceadaítear le dlí na Spáinne athbhreithniú breithiúnach ach amháin i gcásanna áirithe dá bhforáiltear go sainráite, nach n-áirítear iontu finnéithe a thoghairm. Áitíonn sí, áfach, go bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag an ngníomh sin i leith tríú páirtithe. Measann sí, dá bhrí sin, gur cheart go bhféadfaí an t-athbhreithniú dá bhforáiltear le dlí an Aontais ¹ a fheidhmiú maidir leis an gcineál sin gnímh chun srian gan údar ar chearta a dhíorthaítear ó dhlí an Aontais a sheachaint.

Ina breithiúnas, leagann an Chúirt béim ar an bhfíric gur faoin **gcúirt náisiúnta inniúil** atá sé a chinneadh, tar éis scrúdú nithiúil sonrach a dhéanamh, an bhféadfadh an toghairm finné **difear a dhéanamh do staid dhlíthiúil** na ndaoine is ábhar don imscrúdú. Más amhlaidh an cás, ní mór é a bheith **faoi réir athbhreithniú breithiúnach ag an gcúirt**.

Ní gá go gciallódh an ceanglas sin nach mór **an t-athbhreithniú sin** a dhéanamh trí **gníomhaíocht dhíreach** agus shonrach. Féadfar é a dhéanamh **freisin mar cheist theagmhasach** ar choinníoll go ráthaítear an ceart chun

leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil chomh maith le toimhde na neamhchiontacht agus cearta na cosanta.

Mar sin, **i gcás ina bhforáiltear do ghníomhaíocht dhíreach** chun agóid a dhéanamh i gcoinne **cinneadh den chineál céanna ó údaráis náisiúnta**, ní mór an **fhéidearthacht chéanna** a bheith ann maidir le **gníomhartha OIPE**.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gCúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Rialachán \(AE\) 2017/1939](#) ón gComhairle, an 12 Deireadh Fómhair 2017, lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.